



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2022

CUNTASAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

(300 marc)

DÉ CÉADAON, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist (**A nó B**) agus tá 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarthóirí **CEIST 1 amháin (A nó B)** a fhreagairt **NÓ DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (100 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo a bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair **Ceist 1** (A nó B) **NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

1. Freagair (A) NÓ (B)

(A) Cuntais Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh

Tá caipiteal údaraithe de €2,000,000 ag Mac Uiginn Teo., roinnte ina 1,500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 500,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann.

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair mar a bhí ar 31/12/2021:

	€	€
Gléasra agus Innealra (costas €340,000)	290,000	
Foirgnimh mhonarchan (costas €890,000)	865,000	
Fruiliú trealaimh speisialta	37,800	
Forchostais ghinearálta mhonarchan (fionraí san áireamh)	126,700	
Stoic ar láimh 01/01/2021		
Amhábhair	27,300	
Obair idir lámha	38,650	
Earraí críochnaithe	38,400	
Pá díreach monarchan	148,000	
Ceannach amhábhair	760,400	
Íocaíochtaí ríchiosa	29,600	
Díol dramhábhair		18,950
Speansais díola	45,000	
Speansais riaracháin	57,900	
Díolacháin		1,650,000
Lascaine (glan)		5,350
Cíos		15,700
Infheistíochtaí 4% a fuarthas ar 01/04/2021	250,000	
Ús ar infheistíochtaí faighte		2,800
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 01/01/2021		69,500
ÍMAT, ÁSPC & MSU		1,850
Bintiúir 8% (lena n-áirítear €50,000 eisithe ar 01/04/2021)		300,000
Ús bintiúir íochta	5,000	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		3,050
Díbhinní íochta	27,500	
Banc		85,000
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	76,350	61,400
Scairchaipiteal eisithe – gnáthscaireanna		460,000
Scaireanna tosaíochta 4%		150,000
	<u>2,823,600</u>	<u>2,823,600</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2021:
- | | |
|---------------------|---------|
| Amhábhair | €28,300 |
| Obair idir lámha | €27,600 |
| Earraí críochnaithe | €58,000 |
- (ii) Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir le díol earraí le féichiúnaí ar 31/12/2021. Seoladh sonrasc ar €10,800, marcáil suas 20% san áireamh. Níor seoladh na hearraí go dtí an 02/01/2022 agus cuireadh san áireamh sa stoc ar deireadh iad.
- (iii) San áireamh san fhiúir do dhíol dramhábhair tá €7,000 a fuarthas de bharr seanmheaisín a dhíol ar 31/03/2021. Chosain an meaisín sin €30,000 ar 01/09/2016.
- (iv) Tá Gléasra agus Innealra le dímhéas ar ráta 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
- (v) Tarlaíonn an fiúir fionraí mar gheall ar lascaine €1,400 a fuarthas agus a iontráladh sa chuntas lascaine amháin, agus de thoradh amhábhair a ceannaíodh ar cairde ar €11,000 agus a iontráladh sa chuntas creidiúnaithe amháin.
- (vi) Déan soláthar d'ardú pá 2% a tugadh le déanaí le siardhátú chun na trí mhí ón 01/10/2021 a chlúdach.
- (vii) Le linn 2021, thóg oibrithe an ghnólachta féin stóras. Ba é €60,000 an costas ar a gcuid oibre (roimh an ardú pá) agus caitheadh leis mar speansas gnó agus tógadh na hábhair, a chosain €62,000, as stoic an ghnólachta. Cuireadh tús leis an obair thógála ar 01/01/2021 agus thóg sé 12 mhí lena críochnú. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an stóras.
- (viii) Baineadh an fiúir don bhanc sa chomhardú trialach as taifid na cuideachta féin. Léiríonn ráiteas bainc dar dáta 31/12/2021, áfach, rótharraingt de €76,200. Cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid le chéile agus nochtadh na míréitigh seo:
1. Fuarthas aistriú creidmheasa €3,500 ar 31/12/2021 i leith féichiúnaí a dearbhaíodh ina fhéimheach le déanaí. Ba é sin an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 70c in aghaidh gach €1 dlite.
 2. Rinneadh seic €6,300 a fuarthas ó fhéichiúnaí a iontráil sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €5,700.
 3. Ní raibh seic €4,700 i gcomhair táillí, a eisíodh chuig creidiúnaí, seachadta chun íoctha faoi 31/12/2021.
- (ix) Ba chóir soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús bintiúir dlite.
 2. Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú chuig 4% d'fhéichiúnaithe.
 3. Foirgnimh le dímhéas de réir ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas déantúsaíochta, trádála brabúis agus cailteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2021. (45)
- (120 marc)**

(B) Cuntais Deiridh Cuideachta

Tá caipiteal údaraithe de €2,500,000 ag Mac Cormaic Teo., atá roinnte ina 1,500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 1,000,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2021:

	€	€
Talamh agus foirgnimh (talamh ar a chostas €1,000,000)	1,760,000	
Trealamh oifige (costas €460,000)	357,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2021		127,000
Lascaine		17,500
Ús bintiúir íoctha	7,500	
Infheistíochtaí 4% 01/04/2021	75,000	
Stoc 01/01/2021	51,500	
Paitinní	64,000	
Ceannacháin agus díolacháin	905,000	1,850,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		7,000
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	249,800	81,500
Banc		68,300
Pá agus tuarastail	196,700	
Bintiúir 6% (lena n-áirítear €60,000 a eisíodh ar 01/06/2021)		360,000
Díbhinní íoctha	65,100	
Táillí stiúrthóirí	91,000	
CBL	1,000	
ÍMAT, ÁSPC, MSU		27,700
Coimisiún díolachán	32,000	
Árachas	25,000	
Fógraíocht	8,400	
Gnáth-scairchaipiteal		1,000,000
Scairchaipiteal tosaíochta 4%		350,000
	3,889,000	3,889,000

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí luach €82,800 ar stoc ar a chostas ar 31/12/2021. Tháinig sé chun solais go bhfuarthas earraí ó chreidiúnaí ar 31/12/2021 ar bhonn 'díol nó aischur'. Iontráladh na hearraí sin sna leabhair mar cheannachán ar cairde. Bhí luach miondíola €9,250 ar na hearraí, agus marcáil suas 25% san áireamh.
- (ii) Déan soláthar do dhímheas ar threalamh oifige. Gearrtar dímheas iomlán bliana sa bhliain ina nglactar seilbh air agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain a dhiúscartha. Meastar gur sé bliana de shaolré eacnamaíoch fhónta a bhíonn ag trealamh oifige agus gurb é 4% dá chostas bunaidh a dhramhluach iarmharach.
Nóta: Ar 30/04/2021 trádáladh isteach trealamh a chosain €65,000 ar 01/10/2017 in aghaidh trealamh nua a chosain €45,000. Tugadh lamháltas de €23,000 ar an seantrealamh. Iontráladh an aistriú bainc do ghlanmhéid an bhirt seo go cuí sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Ba é seo an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.
- (iii) Le linn na bliana, scrios dóiteán trádstóras a chosain €120,000. D'aontaigh an chuideachta árachais cúiteamh €115,000 a íoc.
- (iv) Tá foirgnimh le dímheas ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana.
- (v) Tógadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as taifid na cuideachta féin. Ach tá ráiteas bainc dar dáta an 31/12/2021 tagtha isteach a thaispeánann rótharraingt de €48,950. Cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid le chéile agus nochtadh na neamhréitigh seo:
 - 1. Ní raibh seic €4,950 i leith táillí a eisíodh do stiúrthóir seachadta chun íoctha faoi 31/12/2021.
 - 2. Rinneadh seic €26,700, a eisíodh do sholáthraí, a iontráil sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €27,600.
 - 3. Fuarthas aistriú creidmheasa €4,500 ar 31/12/2021 i leith féichiúnaí a dearbhaíodh ina fhéimheach le déanaí. Ba é sin an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 30c in aghaidh gach €1 dlite.
 - 4. Fuarthas aistriú creidmheasa €9,000 ar 31/12/2021 ó fhéichiúnaí i leith fiach a díscríobhadh roimhe sin mar dhrochfhiach. Ba é sin 75% den fhiach bunaidh. D'aontaigh an féichiúnaí an fuilleach a íoc laistigh de dhá mhí. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair chun an beart seo a thaifeadadh.
- (vi) Tá paitinní, a chuimsíonn 4 mhí d'ioncam infheistíochta, á ndíscríobh thar thréimhse cúig bliana a thosaigh in 2020.
- (vii) Molann na Stiúrthóirí:
 - 1. Gur cheart soláthar a dhéanamh d'ioncam infheistíochta dlite agus d'ús bintiúir dlite.
 - 2. Gur cheart coimisiún bónais de 2% ar na díolacháin go léir os cionn €1,500,000 a íoc leis an stiúrthóir bainistíochta.
 - 3. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go 3% de na féichiúnaithe.
 - 4. Gur cheart €250,000 a aistriú ó bhrabús chuig an gcúlchiste caipitil.
 - 5. Go ndéanfaí soláthar de €60,000 do cháin chorparáide a thaifeadadh.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas trádála, brabúis agus cailiteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2021. (45)

(120 marc)

2. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas cláir chomhardaithe Puspure cpt mar a bhí ar 31/12/2021 agus 31/12/2020 agus cuntas brabúis agus cailteanais giorraithe don bhliain dar críoch 31/12/2021.

Cuntas brabúis agus cailteanais giorraithe don bhliain dar críoch 31/12/2021 €

Brabús Oibriúcháin	227,000
Ioncam ó infheistíochtaí don bhliain	3,800
Ús don bhliain	(12,000)
Brabús roimh cháin	218,800
Cáin don bhliain	(66,000)
Brabús tar éis cánach	152,800
Díbhinní íoctha	(30,800)
Brabús coinnithe don bhliain	122,000
Brabús coinnithe ar 01/01/2021	268,650
Brabús coinnithe ar 31/12/2021	390,650

Cláir chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2021		31/12/2020	
Sócmhainní Airgeadais	€	€	€	€
Infheistíochtaí ar a gcostas		165,000		185,000
Sócmhainní Seasta				
Talamh & foirgnimh ar a gcostas	850,000		732,000	
Lúide dímhéas carntha	(75,000)	775,000	(60,000)	672,000
Innealra ar a chostas	397,000		438,000	
Lúide dímhéas carntha	(209,000)	188,000	(187,600)	250,400
		1,128,000		1,107,400
Sócmhainní Reatha				
Stoc	214,600		178,600	
Féichiúnaithe	185,200		171,800	
Banc	14,000		-	
Ioncam infheistíochta dlite	1,050		950	
Urrúis rialtais	35,000		10,000	
	449,850		361,350	
Lúide creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
Creidiúnaithe trádála	250,600		241,600	
Ús dlite ar bhintíúir	2,600		2,000	
Banc	-		8,500	
Cáin chorparáide	52,000		48,000	
	305,200	144,650	300,100	61,250
		1,272,650		1,168,650
Maoinithe ag:				
Creidiúnaithe: Suimeanna dlite tar éis 1 bhliain				
Bintíúir 6%		100,000		200,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	770,000		700,000	
Scairbhiseach	12,000		-	
Cuntas brabúis agus cailteanais	390,650	1,172,650	268,650	968,650
		1,272,650		1,168,650

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

- (i) Ní raibh aon diúscairtí foirgneamh ann le linn na bliana ach fuarthas foirgnimh nua.
- (ii) Ní raibh aon cheannacháin innealra ann le linn na bliana. Rinneadh innealra a dhiúscairt ar €33,000.
- (iii) San áireamh sa dímheas a gearradh don bhliain chun teacht ar bhrabús oibriúcháin bhí €30,400 ar innealra.

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas faoi shreabhadh airgid Puspure cpt a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021, ráitis imréitigh san áireamh. (52)
 - (b) (i) Cuireann Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 1 ceangal ar chuideachtaí ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.
Cad is Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais ann?
 - (ii) Idirdhealaigh idir brabús airgid agus brabús neamhairgid do Puspure cpt.
Tabhair sampla amháin de gach ceann díobh ó na ráitis airgeadais Puspure cpt. (8)
- (60 marc)**

3. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí

Níor réitigh comhardú trialach Mhic an Leastair Teo., miondíoltóir éide spóirt, ar 31/12/2021. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí.

Nuair a seiceáladh na leabhair, thángthas ar na hearráidí agus ar na heasnaimh seo a leanas:

- (i) Iontráladh ceannacháin ar cairde ag Mac an Leastair ar €2,400 ó E Ó hÉigeartaigh mar €2,040 sna leabhair lae agus iontráladh ina dhiaidh sin ar an taobh mícheart de chuntas Uí hÉigeartaigh iad mar €4,020.
- (ii) Rinneadh fiach príobháideach €750 dlite ag Mac an Leastair a fhritháireamh ina iomláine in aghaidh fiach gnó €800 dlite do Mac an Leastair Teo. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an mbeart seo.
- (iii) Fuarthas íocaíocht €1,000 ó F Ó Muircheartaigh, iarfhéichiúnaí, a ndearnadh a fhiach a dhíscríobh roimhe sin agus ar mian leis trádáil le Mac an Leastair arís. Is ionann seo agus 80% den bhunfhiach agus tá sé geallta ag Ó Muircheartaigh go n-íocfaidh sé an chuid eile den fhiach faoi Feabhra 2023. Rinneadh an tsuim iomlán a díscríobhadh a chur chun sochair i gcuntas na bhféichiúnaithe, an t-aon hiontráil a rinneadh maidir leis an mbeart seo.
- (iv) Rinneadh nóta creidmheasa a cuireadh chuig K Ó Maoláin ar €240 a léamh go mícheart mar nóta creidmheasa a fuarthas ó A Mac Eochaigh agus taifeadadh mar sin é.
- (v) Díoladh trealamh a chosain €8,400 agus dar luach €3,360 de réir na leabhar, ar airgead síos €3,300. Iontráladh é sin mar €3,630 ar thaobh an dochair den chuntas díolachán agus ar thaobh an tsochair de chuntas féichiúnaí.

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnta. (40)
- (b) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann an glanbhrabús ceartaithe más é €27,900 an brabús bunaidh. (12)
- (c)
 - (i) Cén cuspóir atá le comhardú trialach a ullmhú?
 - (ii) Tabhair breac-chuntas ar chineálacha éagsúla earráidí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gComhardú Trialach a chomhardú. (8)

(60 marc)

4. Athluacháil Sócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 2007, cheannaigh Ó Riain Teo. réadmhaoín nua ar €900,000 a chuimsigh talamh €150,000 agus foirgnimh €750,000. Déanann an cuideachta foirgnimh a dhímheas de réir ráta 2% in aghaidh na bliana de réir mhodh an mhéid chothroim. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Is é polasaí na cuideachta dímheas iomlán bliana a ghearradh sa bhliain ina nglactar seilbh ar réadmhaoín agus gan aon dímheas a dhéanamh i mbliain a diúscartha.

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair na cuideachta:

Ean 1 2017	Rinneadh an réadmhaoín a athluacháil ar €1,080,000. Bhain €210,000 den athluacháil sin leis an talamh a ceannaíodh ar 01/01/2007.
Ean 1 2018	Ceannaíodh foirgneamh ar €250,000. Ina theannta sin, le linn 2018, íocadh €90,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chur leis an bhfoirgneamh sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar shíneadh an fhoirgnimh sin freisin. B'ionann agus €30,000 pá na bhfostaithe le linn thréimhse na hoibre sin.
Ean 1 2019	Díoladh ar €235,000 talamh a chosain €150,000 agus rinneadh é a athluacháil ina dhiaidh sin ar 01/01/2017. Chaith Ó Riain Teo. €14,000 i leith deisiúchán ar dhíon an fhoirgnimh mar a bhí.
Ean 1 2020	Rinneadh foirgnimh a bhí faoi úinéireacht na cuideachta a athluacháil ar €1,426,000 (méadú 15% i gcás gach foirgnimh).
Ean 1 2021	Díoladh ar €980,000 na foirgnimh a bhí faoi úinéireacht na cuideachta ar 01/01/2017. Rinneadh an chuid eile de na foirgnimh a athluacháil ar €475,000.

Iarrtar ort:

- (a) (i) Na cuntais mhórleabhair ábhartha a ullmhú i dtaca leis na bearta thuas do na blianta dar críoch 31/12/2017 go dtí 31/12/2021.
(Níl cuntas bainc ná cuntas brabúis agus caillteanais ag teastáil).
- (ii) An sliocht ábhartha as an gclár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2021 a thaispeáint. (52)
- (b) (i) Idirhealaigh idir modh an mhéid chothroim agus modh an chomhardaithe laghdaithigh, mar mhodhanna dímheasa.
- (ii) Cén fáth a roghnódh cuideachta modh amháin dímheasa thar mhodh eile? (8)
- (60 marc)

ROINN 2 (100 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí thíos as cuntais deiridh Mhic Uait cpt, déantúsóir milsreoga, don bhliain dar críoch 31/12/2021. Tá caipiteal údaraithe €1,100,000 ag an gcuideachta, atá comhdhéanta de 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 600,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2021	
	€
Díolacháin	950,000
Costais earraí díolta	(682,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(192,000)
Ús don bhliain	(35,000)
Glanbhrabús don bhliain	41,000
Díbhinní íoctha	(18,000)
Brabús coinnithe	23,000
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2021	78,000
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2021	101,000

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2020	
Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire	8.4c
Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire	2.0c
Cumhdach úis	1.9 uair
Cóimheas mear	2.3:1
Luach margaidh 1 ghnáthscaire	€1.48
Toradh ar chaipiteal in úsáid	4.56%
Giaráil	60%
Cumhdach díbhinne	4.2 uair
Toradh díbhinne	1.35%

Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2021			
	€	€	€
Sócmhainní Seasta:			
Doláimhsithe		300,000	
Inláimhsithe		487,000	787,000
Infheistíochtaí 4% (luach margaidh 31/12/2021 €270,000)			250,000
			1,037,000
Sócmhainní Reatha:			
Stoc deiridh	15,000		
Féichiúnaithe	76,500		
Sócmhainní reatha eile	20,000	111,500	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Creidiúnaithe trádála	21,000		
Creidiúnaithe eile	11,500	(32,500)	79,000
			1,116,000
Maoinithe ag:			
Bintíúir 7% (faoi urrús 2028)			500,000
Caipiteal agus Cúlchistí			
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann		365,000	
Scaireanna tosaíochta 6% @ €1 an ceann		150,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2021		101,000	616,000
			1,116,000

Is é an luach margaidh ar ghnáthscair amháin ar 31/12/2021 ná **€1.40**.

(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2021:

(Déan gach áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

- (i) Ceannacháin airgid síos sa chás gur 3.6 mhí an tréimhse chreidmheasa a fhaightear ó chreidiúnaithe trádála, agus gur ceannacháin airgid síos iad 20% d'iomlán na gceannachán.
- (ii) Cóimheas idir praghas agus tuilleamh.
- (iii) An toradh ar chistí na scairshealbhóirí.
- (iv) Cumhdach díbhinne.
- (v) Giaráil.

(50)

- (b)** Cuir comhairle ar an mbainisteoir bainc cé acu ar chóir iasacht €500,000, ar a ngearrfaí ráta úis 8%, a thabhairt do Mhac Uait cpt nó nár chóir. Iasacht is ea í le maoiniú a sholáthar chun an gnó a leathnú amach chuig margadh na hEorpa. Úsáid cóimheasa, céatadáin agus eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra.

(40)

- (c)** Ba é céatadán an bhrabúis chomhláin do Mhac Uait cpt in 2020 ná 36%.

- (i) Ríomh céatadán an bhrabúis chomhláin do Mhac Uait cpt in 2021.
- (ii) Tabhair cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an athrú ar chéatadán an bhrabúis chomhláin in 2021.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar an mbealach a bhféadfadh cuideachta céatadán an bhrabúis chomhláin a fheabhsú.

(10)

(100 marc)

6. Taifid Neamhiomlána

Ar 01/01/2021, lóisteáil M Mac Searraigh €1,350,000 i gcuntas bainc gnólachta agus an lá céanna cheannaigh sé gnólacht ar €1,325,000 a chuimsigh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo: Áitreabh €800,000; Trealamh €225,000; Stoc €46,140; Rátaí 3 mhí Réamhíochta €8,100; Féichiúnaithe €88,320; Creidiúnaithe Trádála €54,000; Pá Dlite €3,200; Infheistíochtaí 1.5% €192,000.

Le linn 2021 níor choinnigh Mac Searraigh sraith iomlán cuntas ach measann sé gur 25% de dhíolacháin a bhí sa bhrabús comhlán. Bhí Mac Searraigh in ann an t-eolas thíos a thabhairt ar 31/12/2021.

- (i) Gach seachtain, thóg Mac Searraigh earraí dar luach €120 ón stoc agus airgead €250 i gcomhair speansais teaghlaigh.
- (ii) Le linn na bliana lóisteáladh iad seo sa chuntas bainc gnólachta: ús infheistíochta €2,400 (ó na hinfeistíochtaí gnó mar a bhí) agus oidhreacht phríobháideach €290,000.
- (iii) Ar 01/07/2021, cheannaigh an gnólacht áitreabh béal dorais a chosain €180,000. Le híos as, ar 01/07/2021 thóg an gnólacht 80% de chostas an áitribh ar iasacht. Aontaíodh go ngearrfaí ús de réir ráta 3% in aghaidh na bliana agus é le híos go míosúil ag deireadh gach míosa. Dhéanfaí an tsuim chaipitil a fuarthas ar iasacht a aisíoc ina 20 tráthchuid chothroma thar 10 mbliana. Bhí an chéad aisíocaíocht dlite ar 01/01/2022.
- (iv) Rinneadh na híocaíochtaí seo as cuntas bainc an ghnólachta le linn na bliana: solas agus teas €5,460, pá agus speansais ghinearálta €165,750 (€2,800 ar árachas san áireamh), veain seachadta €56,000, trealamh (a ceannaíodh ar 01/07/2021) €60,000. Rátaí i leith 12 mhí €27,600, ús iasachta €2,000, speansais ghlantacháin €4,000.
- (v) Mheas Mac Searraigh gur cheart 30% den árachas, 25% de na speansais ghlantacháin, agus 10% de sholas agus teas a chur i leith úsáid phríobháideach.
- (vi) Déantar soláthar do dhímheas mar seo a leanas:
 - trealamh ar ráta bliantúil 12.5% dá chostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
 - veain seachadta ar 20% dá costas ar feadh bliain iomlán.
- (vii) Tá cinneadh déanta ag an ngnólacht soláthar in aghaidh drochfhiach i dtaca le 3% d'fhéichiúnaithe a chur i bhfeidhm ar 31/12/2021.
- (viii) San áireamh i sócmhainní agus dliteanais an ghnólachta ar 31/12/2021 bhí banc €108,600, stoc €85,122 (stoc ola téimh €1,100 san áireamh), féichiúnaithe €121,500, pá dlite €4,750, creidiúnaithe trádála €57,800 agus leictreachas dlite €240.

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas/clár comhardaithe a thaispeánann brabús nó caillteanas Mhic Shearraigh, mar aon leis an oibriú amach, a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (40)
- (b) Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú, chomh mionsonraithe agus is féidir, don bhliain dar críoch 31/12/2021. (50)
- (c) Feidhmítear ceithre choincheap bhunúsacha cuntasáíochta in ullmhú cuntas. Mínigh dhá choincheap bhunúsacha cuntasáíochta, i dtaca leis an gcaoi a mbaineann siad le cuntais Mhic Shearraigh. (10)
- (100 marc)**

7. Cuntais Chlub

Bhí na nithe thíos san áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais Chlub Haca na Mainistreach ar 01/01/2021:

Clubtheach agus páirc Astroturf €950,000, stoc beáir €1,820, trealamh ar a chostas €42,000, féichiúnaithe beáir €560, ballraíocht saoil €48,000, creidiúnaithe beáir €700, pá dlite €440, cúlchiste tobhaigh €50,000, síntiúis réamhíochta €1,000, ús infheistíochta infhála €420 atá dlite.

Bhí dímheas 3 bliana carntha cheana féin ag na sócmhainní seasta go léir ar 01/01/2021.

Thug cisteoir an chlub an cuntas thíos ar ghníomhaíochtaí an chlub le linn na bliana dar críoch 31/12/2021.

Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2021

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Iarmhéid 01/01/2021	9,800	Ceannacháin lónadóireachta	93,100
Síntiúis	425,500	Iasacht bhainc móide ús 9 mí ar 8% sa bhliain ar 30/06/2021	273,480
Ús 10 mí ar infheistíochtaí 5%, suas go dtí 30/06/2021	1,050	Speansais éagsúla	64,360
Táillí iontrála comórtas	22,400	Ceannacháin bheáir	43,800
Fáltais lónadóireachta	122,500	Duaiseanna comórtas	18,900
Díol Trealamh (costas €30,000)	7,000	Ceannach Trealamh	47,000
Deontas ón gCrannchur Náisiúnta	120,000	Speansais chóitseála agus pá	15,540
Deontas Haca Éireann	13,500		
Fáltais bheáir	73,600		
		Iarmhéid 31/12/2021	239,170
	795,350		795,350

Tugtar an t-eolas breise agus na treoracha seo a leanas duit:

- (i) Stoc beáir (lena n-áirítear stoc lónadóireachta €11,460) €21,700 ar 31/12/2021.
- (ii) Féichiúnaithe beáir agus creidiúnaithe beáir ar 31/12/2021 €780 agus €1,100 faoi seach.
- (iii) Déan soláthar do dhímheas ar threalamh ar 12.5% dá chostas. Gearrtar dímheas iomlán bliana sa bhliain ina nglactar seilbh ar threalamh agus ní dhéantar aon dímheas i mbliain a dhiúscartha.
- (iv) Tá an clubtheach agus an pháirc Astroturf le dímheas ar ráta 2% dá gcostas.
- (v) Chinn an club ballraíocht saoil a chur chun sochair ioncaim thar thréimhse 10 mbliana a thosaigh in 2019.
- (vi) Fuarthas an deontas ón gCrannchur Náisiúnta ar bhonn aon uaire. Táthar le caitheamh leis mar mhír chaipitil.
Faighítear an deontas ó Haca Éireann ar bhonn bliantúil chun tacú le gníomhaíochtaí laethúla an chlub. Táthar le caithfear leis mar mhír ioncaim.
- (vii) Bhí an pá a bhí dlite ar 01/01/2021 ag dul do chóitseálaí an chlub le coicís. Déan soláthar do phá trí seachtaine dlite ar 31/12/2021 agus cuir bónas €30 san áireamh le haghaidh gach ceann de na trí seachtaine.
- (viii) San áireamh sna síntiúis tá:
 - 1. Síntiúis €3,160 do 2022.
 - 2. Tobhach do 2021 de €100 an duine ar gach duine den 650 ball.
 - 3. Tobhach do 2020 de €100 an duine dlite ó 30 ball.

Iarrtar ort:

- (a) Ciste carntha an chlub (caipiteal) ar 01/01/2021 a thaispeáint. (30)
- (b) An cuntas ioncaim agus caiteachais a thaispeáint don bhliain dar críoch 31/12/2021. (35)
- (c) Clár comhardaithe an chlub mar a bhí ar 31/12/2021 a thaispeáint. (25)
- (d) (i) A mhíniú, le sampla, cad is ciall le Cuntas Sainchuspóireach Brabúis agus Caillteanais.
(ii) Táthar á mholadh go ndéanfaí síntiúis bhliantúla a laghdú 10% go ceann na chéad trí bliana eile. Agus tú i do Chisteoir ar Chlub Haca na Mainistreach, cad iad na pointí a dhéanfaí ar son an mholta sin?

(10)

(100 Marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

8. Jabchostáil

Tá Ó hAodha Teo. ag trádáil mar ghnólacht déantúsaíochta agus tá ceithre roinn ann:

- Táirgeacht 1, Táirgeacht 2, Seirbhís A agus Seirbhís B.

Baineann na costais seo a leanas le 2022.

	Iomlán	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2	Seirbhís A	Seirbhís B
	€	€	€	€	€
Ábhair neamhdhíreacha	420,000	200,000	120,000	50,000	50,000
Saothar neamhdhíreach	625,000	300,000	250,000	45,000	30,000
Ceaintín na monarchan	50,000				
Cíos agus rátaí	64,000				
Solas agus teas	75,000				
Cothabháil meaisíní	28,000				
Dímheas gléasra	81,000				

Baineann an t-eolas seo a leanas leis na ceithre roinn

	Iomlán	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2	Seirbhís A	Seirbhís B
Achar urláir ina mhéadair chearnacha	40,000	20,000	16,000	2,000	2,000
Toirt ina méadair chiúbacha	48,000	24,000	16,000	6,000	2,000
Luach an ghléasra de réir na leabhar (€)	264,000	110,000	88,000	33,000	33,000
Líon na bhfostaithe	120	60	42	15	3
Uaireanta meaisín	84,000	48,000	36,000	-----	-----
Uaireanta saothair	116,000	42,000	74,000	-----	-----

Tá costais na ranna seirbhíse le haistriú go dtí na ranna táirgeachta de réir na gcéatadán seo a leanas:

	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2
Seirbhís A	60%	40%
Seirbhís B	35%	65%

Tá Jab Uimh. 310 díreach críochnaithe anois. Baineann na sonraí seo leis:

	Ábhair Dhíreacha	Saothar Díreach	Uaireanta Meaisín	Uaireanta Saothair
	€	€		
Táirgeacht 1	12,000	2,600	55	36
Táirgeacht 2	2,600	7,000	20	80

Déanann an chuideachta buiséadú do chorrlach brabúis de 25%.

Iarrtar ort:

- (a)** An forchostas atá le hionsú ag gach roinn a ríomh, agus an bonn cionroinnte a úsáideadh a lua go soiléir.
- (b)** Costais na ranna seirbhíse a aistriú go dtí na ranna táirgeachta, 1 agus 2.
- (c)** Ráta ionsúite forchostas atá oiriúnach a ríomh do gach roinn.
- (d)** Praghas díola Jab Uimhir 310 a ríomh.
- (e)**
 - (i) Mínigh an fáth a mbunaítear rátaí ionsúite forchostas ar chostais bhuiséadaithe seachas ar chostais iarbhír.
 - (ii) Mínigh tearc-ionsú forchostas agus an chaoi a bhféadfadh sé tarlú i ngnólacht déantúsaíochta.

(80 marc)

9. Buiséadú

Chríochnaigh Ó hArrachtáin Teo. a réamhaisnéis bhliantúil díolachán don bhliain dar críoch 31/12/2023. Tá siad ag súil le dhá tháirge a dhíol – Órga ar €360 agus Portland ar €410. Tá laghdú de 10% le cur i bhfeidhm ar na stoic go léir óna leibhéil tosaigh faoi 31/12/2023 agus tá siad á luacháil de réir mhodh TITA (FIFO).

	Órga	Portland
Tá súil le díolacháin:	15,200 aonad	8,400 aonad

Meastar gur mar seo a bheidh stoic na n-earraí críochnaithe ar 01/01/2023:

Órga	900 aonad ar €210 an ceann
Portland	750 aonad ar €290 an ceann

Úsáidtear na hamhábhair agus an saothar oilte céanna sa dá tháirge ach i gcainníochtaí éagsúla in aghaidh an aonaid mar seo a leanas:

	Órga	Portland
Ábhar A	6 Kg	8 Kg
Ábhar B	9 Kg	12 Kg
Saothar Oilte	6 Uair an chloig	9 nUair an chloig

Meastar gur mar seo a bheidh an stoc amhábhar ar 01/01/2023:

Ábhar A	9,400 Kg @ €5.00 an Kg
Ábhar B	6,800 Kg @ €6.50 an Kg

Meastar gur mar seo a bheidh praghsanna na n-amhábhar le linn 2023:

Ábhar A	€5.50 an Kg
Ábhar B	€7.00 an Kg

Meastar gurb é an ráta saothair oilte ná €18.00 in aghaidh na huaire.

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na forchostais táirgeachta:

Athraitheach	€12.00	In aghaidh na huaire de shaothar oilte
Seasta	€579,550	sa bhliain

Iarrtar ort:

- Buiséad táirgeachta a ullmhú (in aonaid).
- Buiséad ceannachán amhábhar a ullmhú (in kg agus in €).
- Buiséad costas táirgeachta/déantúsaíochta a ullmhú.
- Cuntas trádála buiséadaithe a ullmhú. (iarrtar ort costas aonaid an stoic dheiridh bhuiséadaithe a ríomh don dá tháirge).
- Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhfuil gá le rialú buiséid in eagraíocht.
 - I ndáil le buiséid, mínigh an bhrí atá le hathraitheas fabhrach agus tabhair sampla den chaoi a bhféadfadh sé teacht chun cinn i gcostais dhíreacha gnólacht déantúsaíochta.

(80 marc)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo